

Bronnadh duais ar an aiste seo ag Comórtais Liteartha an Oireachtais 2023.

‘Is leor neodar don eolach: forainmneacha úra sa Ghaeilge’

CE Ó hAodhagáin

Murab ionann agus formhór theangacha na cruinne, tá teangacha na hEorpa eisceachtúil de bhrí go ndéantar a gcuid forainmneacha a dheighilt ar bhonn inscne. Cé gur ann do theangacha a bhfuil córais níos casta fós iontu, ní bhíonn ach an t-aon seit forainmneacha amháin sa tríú pearsa uatha i dtromlach na dteangacha, rud a fhágann nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir pearsana éagsúla i scéal ar bhonn noda inscne na bhforainmneacha. Ar ndóigh tá teora le feidhm na seifte seo nuair a bhíonn cúpla duine den aon inscne i gceist, ach bíonn bealaí lena shoiléiriú cé acu pearsa atá faoi thrácht – foirmeacha treisithe d’fhorainmneacha, de bhriathra, srl. Ní chuireann sé as do chainteoirí nach bhfuil ar a gcumas a gcuid cainte a shaibhriú i ndáil le hinscne an duine. Agus mar is léir, sin a bhfuil ann – saibhriú, seachas riachtanas ó thaobh cumarsáide de. Ní bhraitheann tuiscint an éisteora ar idirdhealú dénártha a bheith déanta ag an gcainteoir.

Ceist eile é má fhágtar bearna sa teanga ionas nach ndéanann na focail atá ar fáil an gnó – nó níos measa, go gcuirtear iachall ar dhaoine eolas míchruinn a thabhairt de cheal foclóra oiriúnaigh. Go hiondúil, eascraíonn foclóir d’aon saghas as comhthéacs láithreach ina bhfuil riachtanas cumarsáide gan sásamh. Braithimid ar an teanga atá ar fáil dúinn cheana féin le brící a sholáthar ar féidir aonaid brí úra a thógáil astu. Feictear an feiniméan seo nuair a chumtar focail nó nuair a leathnaítear úsáid dul cainte atá ann cheana féin. Nuair atá ceisteanna ionannais faoi thrácht, ní nach ionadh go mbeadh éileamh ann go gcruthófaí foclóir oiriúnach a ligfeadh do dhaoine friotal a chur ar a dtuiscint féin orthu féin. Ní le hiachall a chur ar éinne glacadh le dearcadh áirithe a dhéantar seo, ach mar go bhfuil chuile dhuine i dteideal a gcumas cumarsáide a úsáid le heolas a roinnt fúthu féin agus a chur ar chumas a gcomhdhaoine tagairt dóibh ar an mbealach is cruinne – agus is measúla.

Ní chuile dhuine neamhdhénártha nó inscne-aiteach a thugann tosaíocht d'úsáid a rogha forainmneacha ag daoine eile mar chomhartha measa, nó a leagann tábhacht ar an ngné seo; é sin ráite, is mithid an rogha a bheith ag duine iad féin a chur in iúl go dílis, barántúil. Ceann de bhuanna an chine daonna is ea ár gcumas ár dteanga a aclú chun ár sástachta ionas go mbíonn sí ag síorfhorbairt i gcomhréir le tuiscintí úra ar an saol. Má aithnítear bearna sa chomhthéacs sochtheangeolaíoch, tá daoine breá ábalta an teanga a athmhúnlú is a leathnú, fiú má bhristear le gnás na teanga go n-uige sin. Is beag is gá do dhuine a dtuiscint féin ar bhríonna na teanga a choigeartú mura bhfuil i gceist ach nós atá i bhfeidhm cheana féin a leathnú – rud nach bhfuil as alt le comhthéacs an Ghaeilgeora chomhaimseartha, nach coincheap nua dóibh an ‘siad aonair’, mar a úsáidtear sa Bhéarla, agus dá réir sin, a thuigeann úsáid na réamhfhocail gaolmhar ar bhonn ‘aonair’ leis.

Is mó claonadh chun ceartaiseachta a fheictear i gcás mionteanga ar gá í a chaomhnú go coinsiasach; bíonn imní ann go mbainfear de luach na teanga ar shlí má tharlaíonn simpliú nó athrú suntasach. Cuid d'áilleacht aon teanga is ea a héagsúlacht, ach an fiú an éagsúlacht sin a chosaint go daingean nuair a chuireann sí bac ar bhunchuspóir na teanga – ligean dá cainteoirí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh? Cinnte, táimid uile cleachtaithe leis an deighilt dénártha inscne mar chuid dílis den chóras gramadaí. Déarfaí go bhfuil ciotacht nó easpa cruinnis ag baint leis an dul cainte nua. Ach is beag is fiú riail a dhéanann an chumarsáid a shrianadh, seachas tacú léi.

Aithníonn foclóirithe gur sa teanga bheo labhartha a thosaíonn athruithe, agus gur mithid go mbuanófaí iad sular féidir iad a aithint mar shainchuid den teanga, inchódaithe san fhoclóir. Ní hionann aitheantas a thabhairt d'fheiniméan teangeolaíoch a bhfuil nasc aige le hathruithe sa sochaí, agus tacú go sonrath leis na hathruithe céanna, nó le dearcadh saoil a mheasfaí a bheith ag gabháil leo; níltear ach ag tabhairt léargas cruinn ar staid reatha na teanga. Dá bhrí sin, ní féidir le foclóirithe – fiú iad siúd a bhfuil luí acu le pobal áirithe – an próiseas inchódaithe a bhrú chun cinn níos túisce ná mar a thagann leis an ráta athraithe. Dála an chéad eagráin, níl luaite san eagrán nua de *An Foclóir Aiteach* ach trí rogha forainmneacha – ‘siad/iad’, ‘sí/í’ agus ‘sé/é’. Is suntasach gurb é sin an t-aon chuid den fhoclóir ina ndéantar neamhshuim den ord aibítreach; d'aithneofaí go bhfuil

teachtaireacht á tabhairt, agus an gnáthord tosaíochta casta bunoscionn – rud nár mhiste le go leor, beag beann ar cé na forainmneacha eile a bheadh i gceist.

Ach seans gur ait le daoine áirithe nach n-áireofaí ach na trí roghanna seo. Liostálann ‘Non-binary Wiki’ deich rogha breise de bhunfhorainmneacha, maille le leaganacha samplacha neamh-dhénártha de na forainmneacha réamhfhoclacha – ceann de na constaicí is mó a d’fheicfí leis an neodar, bíodh is go gcuireann an gné sin den ghramadach a sáith de dhua ar fhoghlaimoirí. Aithnítear na himpleachtaí a bheadh ann i gcás briathra tháite agus tugtar roinnt samplaí d’fhoirmeacha cuspóireacha agus d’fhoirmeacha treisithe. Moladh amháin a dhéantar is ea ‘intí’, forainm thaispeántach ón tSean-Ghaeilge a bhfuil ‘an té’ mar oidhre uirthi, a fhéadfadh a bheith firinscneach, baininscneach nó neodrach. Ach is do nithe neamhbheo a thagraíodh neodar na Sean-Ghaeilge; níl fianaise againn ar a úsáid le tagairt do dhaoine, fiú i gcásanna nárbh fhéidir a bheith cinnte d’inscne an té a bhí faoi thrácht. Mar sin, níl fasach díreach d’fhorainm neodrach an lae inniu ar fáil sa teanga stairiúil.

Ba ghá na samplaí seo a iomlánú, agus de cheal tagairtí, ní léir iad a bheith údarach, cé go maítear cinn áirithe a bheith forleathan cheana féin. Tá an oiread sin éagsúlachta le feiceáil sa liosta is go samhlófaí, dá gcruthófaí na bunfhorainmneacha go ‘horgánach’ i gcomhthéacs sochtheangeolaíoch, go bhféadfadh iliomad leaganacha de na forainmneacha réamhfhoclacha eascairt astu. Pé ar bith faoi mhórtéangacha, ceist eile athruithe dá leithéid a thabhairt chun cinn de thob i mionteanga nuair is dóichí go mbeidh stáir ann sula mbeidh glacadh forleathan leo. Is gá go mbeadh a leithéid d’úsáid ina ghnáthchuid den dioscúrsa laethúil, sa mhéid is go bhfuil sé sothuigte ag an mórphobal, sula gcódaítear san fhoclóir é. Bíonn úsáid scríofa forleathan ar cheann de na riachtanais ar gá iad a shásamh chuige seo – rud ar furasta é a mheas trí algartaim agus flúirse cumarsáide ar siúl ar líne. Thuigfí, mar sin, do lucht eagair *An Foclóir Aiteach* gan roghanna breise a chur san áireamh d’uireasa samplaí úsáide.

Rogha éagsúil a mholtar san achainí ar líne ‘Forainm pearsanta neodrach don Ghaeilge’ a thosaigh Labhrás Finneadha i mí Feabhra na bliana seo: ‘sed/ed’, le húsáid ‘nuair a bheifí

ag iarraidh forainmneacha a léiríonn inscne a sheachaint sa chás go measfaí tagairt don inscne a bheith míchuí'. Cé gur cinnte go mbeadh feidhm lena leithéid sa reachtaíocht, is cosúil gur cuspóir difriúil atá i gceist seachas freastal ar fhéiniúlachtaí inscne éagsúla, agus ní phléitear na forainmneacha réamhfhoclacha in aon chor.

Beidh le feiceáil an nglacfar go hoifigiúil le tuilleadh forainmneacha malartacha amach anseo. De ghrá na simplíochta, is é is dóichí ná go gcloífeadh tromlach le 'siad/iad' mar atá tarlaithe i dteangacha eile. Ach pé scéal é, is mó buntáiste a bhronnann ionchuimsitheacht úr na teanga ar an gcumarsáid; mar a déarfadh an té a déarfadh, is leor neodar don eolach!